Carlow County Library

TOSACH MAITH - CUID A DÓ

Tá leabhair atá foilsithe ag “An Gúm” ar fáil anseo sa Lár – Leabharlann agus ar fuid an Chontae chomh maith. Cuirfear síos anseo mar gheall ar an sraith “Séideán Sí” atá an – oiriúnach do’n lucht léinn sna ranganna isle go dtí rang a trí ach mar sin féin bíonn leibhéal difiriúil ag gach leanbh. Tá ábhar laethúil le léamh scéalta mar gheall ar am loin, an seomra scoile agus mar sin de.

Leibhéal do leanaí óga [Aois ghrúpa: 4 – 5]

Am Lóin – Pictiúirí ar gach leathanach agus cómhrá dea – bhéásach idir “Lug agus Gug”. Taithníonn am loin do gach éinne!

Céard atá agat? – Ceisteanna agus freagraí , simplí agus daite do’n lucht an – óg.

Tabhair dom – Leabhar atá úsáideach do’n lá scoile – Tabhair dom…mo chóta agus mar sin de.

Rírá i Seomra na Naíonán Téacs níos lú san scéal seo – níos oiriúnaí do naoíoneáin shinsearach. Pictiúirí deasa le bréagáin agus rírá..

Tá mise mór anois – Ag dul ar scoil le Eoin agus Liam agus Liam ag tosnú ar an mbóthar léinn!

Leibhéal le leathnaigh níos mó ach leibhéal an – shimplí chomh maith leis na leabhair thuas – luaite.

Eoin ar an teilifís – Dearthár ar an teilifís agus Daidí agus na leanaí eile sa bhaile ag faire..

Éadaí – Focail tosaigh do gach leanbh agus pictiúirí ar gach leathanach.

Na Trí Mhuicín – An scéal atá ar eolas ag gach leanbh. Is féidir leo taithneamh a bhaint amach go mór mhór le teacht an mhactíre agus cad a thárlaíonn ar deireadh!

Cé atá ag caint? – Scéal suite sa seomra scoile…agus Gug ag caint agus múinteoir atá crosta!

Seomra Nua – Seomra nua ag Liam agus Nóirín ar scoil agus áthas orthu mar gheall ar sin.

Cé atá ann? – Ceisteanna ag gach éinne agus duine éigin amuigh…cé bheidh ann ag deireadh!

Sneachta – Tá sé ag cur sneachta agus ritheann Róisín agus Liam amach chun fear sneachta a dhéanamh.Cad a thárla? Léigh agus faigh amach!

Séideán Sí – Sraith do leanaí sna Náoíneáin Shinsearach nó Rang a hAon..

Bronntanas do Mham – Lá Breithe Mham a bhí ann. Chuaigh Daid agus na buachaillaí ag siopadóireacht chun Bronntanas a cheannach.

Bia Folláin – Scéal le teachtaireacht – Téann an bhuachaill ag sipadóireacht le Mamaí go dtí an tOllmhargadh. Ceannaíonn said bia folláin chun lón scoile a dhéanamh.

Brídín Bhocht – Scéal mar gheall ar Brídín agus í ag imirt camógíochta. Thit sí agus ghortaigh sí í féin..Cad a thárla ina dhiaidh sin?

Dialann Ainín Aimsire - lá tirim nó lá gaofar – is cuma! Bíonn Ainín ag scríobh an t - am ar fad!



CARLOW COUNTY LIBRARY

CARLOW COUNTY COUNCIL
COMHAIRLE CHONTAE CHEATHARLOCHA